Ainm: ______________________________ Rang: ______________________

1. Cén cúige ina bhfuil Dún na nGall? Ciorclaigh le do thoil

Uladh

Connacht

Laighean

Mumhan

2. Ciorclaigh contae Dhún na nGall ar an Léarscáil thíos.



3. Cé acu de na contaetha seo a bhfuil teorainn acu le Dún na nGall

| Comhlánaigh an tábla seo trí tic a chur sa bhosca ceart | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Aontroim | | |
| Tír Eoghain | | |
| Liatroim | | |
| Gaillimh | | |
| Fear Manach | | |
| Doire | | |

4. De réir an chláir, cén t-ainm eile a thugtar ar Dhún na nGall?

___________________________________________

5. Ciallaíonn an t-ainm Dún na nGall, dún a thóg cé?

Ciorclaigh an freagra ceart.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Sacsanaigh | Lochlannaigh | Rómhánaigh | Ceiltigh |

6. Meaitseáil na hainmneacha leis an eolas fúthu.

| | |
|---|---|
| Earagail | An calafort iascaireachta is mó in Éirinn. |
| Béal Átha Seanaidh | An pointe is airde sa chontae. |
| Bun Dobhráin | An baile is sine in Éirinn. |
| Na Cealla Beaga | An baile is fearr do surfálaithe |

7. Cén t-ainm atá ar na trí theicstíle a bhfuil clú agus cáil orthu i nDún na nGall?

___________________________________

**Ceisteanna Dúshláin:**

**8. Cad é atá suntasach faoi Shliabh Liag?**

___________________________________

**9. Cad é do ar vótáladh aerfort Dhún na nGall?**

___________________________________

**10. Cad iad na trí mhór-lochanna a luaitear i gclár Dhún na nGall?**

___________________________________

**Tasc Tuisceana:**

Lá dá raibh, tháinig an gasúr óg 'na bhaile ón scoil agus é ag caoineadh. 'Caidé atá ag cur caite ortsa a mhaicín?'

'Ó', ar seisean, 'dúirt an múinteoir liom nach raibh ciall ar bith agam agus ba cheart domh dhul amach agus ciall a cheannacht. Ach a mham, níl airgead ar bith agam le ciall a cheannacht.'

Ach a mhaicín bán, ní cheannaíonn tú ciall le hairgead.' Bhí an gasúr fríd a chéile.

'Ceannaíonn tú ciall le taithí.' Ba léir nár thuig an gasúr.

Bhí a shúile dearg, a ghuaillí cromtha, agus is ar éigean a bhí a ghlór ina chogarnach.

'An cuimhin leat an lá sin ag tú ar Earagail agus rith tú ar shiúl uaim agus ba bheag nár thit tú síos an sliabh?'

'Ó a mham, is cuimhin liom, agus ní dhéanfaidh mé arís go deo bhí mo chroí i mo bhéal agam.'

; Sin agat é. A dúirt a mham leis, 'ciall cheannaithe. Agus an cuimhin leat an lá sin a rith tú isteach go Loch Súilí agus do chuid éadaí ort go fóill. Bhí tú fliuch báite agus ag caoineadh uisce do chinn.'

Bhí tú fuar, bhí tú fliuch, agus bhí tú ag caoineadh mar a bheadh stoirm ann.

Is cuimhin liom a mham, bhí eagla mo chraiceann orm, ní dhéanfaidh mé sin arís.'

'Ciall cheannaithe!' A dúirt a mham leis arís.

'Agus an bhfuil cuimhne agat ar an lá sin a dhreap tú an crann ard i nGleann Bheatha agus nuair a bhí tú ag barr an chrainn ní thiocfadh leat theacht anuas agus bhí ar an bhean tarrála dhul suas agus tú a iompar anuas arís?'

'Is cuimhin liom sin a mham, agus bhí náire an tsaoil orm agus achan duine ag gáire fúm. Ní dhéanfaidh mé sin arís go deo.'

D'éirigh d'aghaidh dearg, bhí do chosa ag crith, agus bhí do chroí ag bualadh mar dhorn.

'Gabh thus ar ais ar scoil amárach agus abair le do mhúinteoir go bhfuil go leor céille ceannaithe agat le bliain anuas.'

'Dhéanfaidh mé sin a mham!'

1. Cé a chuir isteach ar an bhuachaill ar scoil?

______________________________________________________________________

2. Cén fáth a raibh an buachaill ag caoineadh nuair a tháinig sé abhaile ón scoil, dar leat?

______________________________________________________________________

3. Ba dhóbair gur thit sé ó Earagail! Cad é mar a mhothaigh sé faoi sin?

______________________________________________________________________

4. Cad é a mhaíonn an mháthair nuair a deir sí " Ceannaíonn an té cliste ciall le taithí "?

   ______________________________________________________________________

5. Lá amháin, tháinig buachaill óg abhaile ón scoil ag caoineadh.
   'Cad é atá *ag cur isteach ort*, a mhac beag?
   Cad é a chiallaíonn an focal *ag cur isteach ort* san abairt thuas, dar leat?

______________________________________________________________________

6. Cad é ceacht an scéil, dar leat?

______________________________________________________________________

Foghlaim TG4

## Tasc Taighde

1. Cén fáth a dtéann daoine go Loch Deirge go minic?

___

2. Luann an clár coróin Bhanbha. Cé hí Banbha?

___

## Gramadach

### Sprioc Litearthachta

| | |
|---|---|
| Sprioc: | Riail na Trí |
| Brí: | Gléas a úsáideann athrá an fhocail chéanna trí huaire chun an scríbhneoireacht a fheabhsú. |
| Sampla 1 | Tháinig siad, chonaic siad agus bhuaigh siad |
| Sampla 2 | Tá siad chomh cumhachtach, chomh láidir agus chomh cróga |
| Sampla 3 | Ró-fhada, ró-ghasta agus ró-dheacair a le socrú |

Scríobh sampla amháin nó níos mó de do chuid féin ag baint úsáide as Riail na Trí

1. ___
2. ___
3. ___

De réir an chláir, is é mana Dhún na nGall ná 'bíodh grá agat dá chéile' Bíodh grá agat do chách!

An féidir leat litir láidir a scríobh ag cur síos ar rud a bhfuil grá agat do ag baint úsáide as Riail na Trí.

Bain triail as ceann de na roghanna seo a leanas.

Rogha 1 ball teaghlaigh ar nós tuismitheoir, seantuismitheoir, siblín, col ceathrar srl.

Rogha 2 cineál áirithe bia, béile, bia gasta, sneaiceanna srl

Rogha 3 caitheamh aimsire cosúil le spórt, ceardaíocht, aclaíocht, léitheoireacht srl.

Rogha 4 rud éigin cruthaitheach ar nós grá don chontae, carachtar ficseanúil, suíomh srl


Véarsa 1 Tús
& Forbairt
Véarsa 2
Fadhb
Plean na Litreach
Rogha
Véarsa 4
Críoch
Véarsa 3
Buaicphointe


CÚIGE ULADH
GLAS + ÓRBHUÍ
LOCH MOIRNE
LOCH IASCAIGH +
LOCH DEARG
AN EARAGAIL
752 MEADAR
BÍODH
GRÁ
AGAT DO
CHÁCH!
CONTAE DHÚN NA NGALL
DANIEL
O'DONNELL
ENYA
PACKIE BONNER
AINM EILE
DON CHONTAE:
TÍR CHONAILL
BÉAL ÁTHA SEANAIDH
AN BAILE IS
SINE IN ÉIRINN
CIONN
MHÁLANNA
AN POINTE IS
FAIDE Ó THUAIDH

| | |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

Foghlaim TG4